## RÉAMHRÁ

Déanann Imleabhar 1, Caibidil 2 de Phlean 2021-2027 sainaithint ar ghrádlathas lonnaíochta don Chontae. Laistigh de Lú tá 5 Bhaile Féinchothabhálacha, 8 mBaile agus Sráidbhaile Beaga agus 24 Nód Tuaithe.

Tá Pleananna Lonnaíochta agus Léarscáileanna gaolmhara maidir leis na 5 Bhaile Féinchothabhálacha in Imleabhar 2, Roinn 1 agus tá Pleananna Lonnaíochta agus Léarscáileanna gaolmhara don 8 mBaile agus Sráidbhaile Beaga i Roinn 2. Laistigh de Roinn 3, tá Léarscáileanna Lonnaíochta curtha ar fáil don 24 Nód Tuaithe.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil na Catagóirí Criosaithe Úsáid Talún agus na Cuspóirí Criosaithe atá leagtha amach in Imleabhar 1, Caibidil 13, Tábla 13.14, infheidhme i ngach Baile Féinchothabhálach, agus Baile agus Sráidbhaile Beag.

### Roinn 1 - Bailte Féinchothabhálacha

Is iad na cúig Baile Féinchothabhálacha ná:

- Cairlinn,
- Ceann Chlochair,
- Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin,
- Tearmann Feichín,
- Tulaigh Álainn.

Tá Cairlinn agus Baile an Ghearlánaigh tar éis leathadh cónaithe i gcomhar le fás fostaíochta agus soláthar seirbhíse. Tá Ceann Chlochair, Tearmann Feichín agus Tulaigh Álainn tar éis leathadh cónaithe go tapa atá dírithe ar thimaistriú gan aon mhéadú i bpoist ná i seirbhísí. Maidir le Bailte Féinchothabhálacha, beidh an bhéim ar infheistíocht a thiomáint i seirbhísí, fás fostaíochta agus bonneagar agus tithíocht a chur ar fáil freisin.

Beidh fás daonra sna bailte seo ar ráta a lorgaíonn éifeacht chothrom a bhaint amach agus beidh béim ar chomhdhlúthú. Ar na ráitis scríofa (Imleabhar 2) do na lonnaíochtaí seo tá cuspóirí beartais a thacaíonn le feabhsúcháin i soláthar seirbhísí agus fostaíochta.

### Roinn 2 - Bailte agus Sráidbhailte Beaga

Is iad na 8 mBaile agus Sráidbhaile Beaga ná:

- Áth na gCasán,
- Baile Trá,
- Collann,
- Droim Ineasclainn,
- Droichead an Chnoic,
- Baile an Lú,
- Ó Méith,
- Baile an Tallúnaigh.

Tá feidhm thábhachtach ag na lonnaíochtaí seo chun tacú le fás áitiúil. Díreoidh an straitéis fháis ar fhás inbhuanaithe áitiúil a théann i ngleic le riachtanais an daonra áitiúil. Beidh aon fhorbairt chónaithe nua i gcomhréir le méid na lonnaíochta ina bhfuil sé suite le tosaíocht tugtha d'fhorbairt inlíonta agus d'fhorbairt athfhorbraíochta. Beidh bainistíocht chúramach déanta ar fhorbairt nua i lonnaíochtaí a bhfuil fás cónaithe ar ardleibhéal le blianta beaga anuas chun cabhrú leo ról a athrú go lonnaíochtaí comaitéirí.

## Roinn 3 - Nóid Thuaithe

Is iad na 24 Nód Tuaithe ná:

- Baile Lagáin,
- Bealach Púiste,
- Baile na Lorgan,
- Dairbhre,
- Droim Ing,
- Fochaird,
- An Gleann Mór,
- An Ghráinseach,
- Gráinseach an Dísirt,
- An Grianfort,
- Gyles Quay,
- Cill an Churraigh,
- Cill Choirle,
- An Tiarnas,
- Moin Bhagnail,
- An Ghráinseach Mhór,
- Baile Philib,
- Gleann na bhFiach,
- Baile an Riabhaigh,
- Clais an Ghainimh,
- Saileogach,
- Tigh Beannáin,
- Tigh an Iúir,
- An Corrbhaile

Tá na lonnaíochtaí seo léirithe mar chnuasaigh d'áitribh chónaithe ina bhfuil teorainn ar sheirbhísí agus áiseanna áitiúla. Mar chuid den straitéis an chreatlach a bhaineann leis na nóid a neartú agus pobail thuaithe inbhuanaithe a chruthú tá tailte sainaitheanta ag an bPlean seo atá feiliúnach chun freastail do riachtanais thithíochta tuathghinte. Beidh aon áitreabh nua sna nóid seo i gcomhar leis an gCritéir Deartha Tuaithe atá leagtha amach sna Treoirlínte Bainistíochta Forbartha i gCaibidil 13 d'Imleabhar 1.

I ngach Baile agus Sráidbhaile Beag agus Nód Tuaithe cuirfidh an Chomhairle dearadh ar ardchaighdeán chun cinn, atá tíosach ar fhuinneamh a chosnaíonn carachtar uathúil na lonnaíochta, a chuireann le comhfhorbairt áite agus a chruthaíonn timpeallacht thógtha atá tarraingteach le cónaí ann, obair ann agus cuairt a thabhairt air.

## Roinn 4 - Saincheantar Gnó Geilleagrach Chorr an Charnáin

Tá Saincheantar Gnó Geilleagrach sainaitheanta i gCorr an Charnáin a chuirfidh le fostaíocht a bhaineann le forbairt, faoi réir Mháistirphlean a ullmhú. Tá na tailte seo suite go straitéiseach le fad na Conaire Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus cuirfidh sé le fostaíocht straitéiseach don cheantar tuaithe máguaird. Féach freisin Roinn 5.19.3, Fiontair Thuaithe i gCaibidil 5, Imleabhar 1.